

Perform Europe

Glaonn Perform Europe ar chompántais, ealaíontóirí, comharghrúpaí, ionaid agus féilte taibhealaíon

Tá treoirlínte iomlána agus critéir iarratais glaoch seo Perform Europe le fáil as Béarla ar [an leathanach seo](#).

Is scéim phiolótach atá maoinithe ag an gCoimisiún Eorpach í Perform Europe. A cuspóir ná tacú le hobair thurgnamhach mar shlí chun é a dhéanamh níos fusa saothair taibhlealaíon a thabhairt ar chamchuart timpeall tíortha Creative Europe ar bhonn níos inmhathanaí agus níos ionchuimsithí. Léigh tuilleadh [anseo](#).

I láthair na huaire, táimid ag ullmhú chun triail a bhaint as scéim dheontais Perform Europe. Déanfar é seo i ndá chéim:

1) Sa **chéad chéim** déanann **léiritheoirí** (ealaíontóirí, comharghrúpaí, compántais agus láithreoirí a bhfuil saothar ealaíne déanta acu) agus **láithreoirí** (féilte, ionaid, agus eagrais eile a chuireann comhthéacs léirithe ar fáil) iarratas le bheith ina gcuid de phróiseas foghlama comhchoitinne agus líonrú Perform Europe le tacaíocht a ardáin dhigitigh. **Tá sonraí an ghlaigh le fáil thíos agus beidh sé ar oscailt d'iarratais ar 15 Mheitheamh.**

2) Sa **dara céim**, le linn dóibh agus tar éis dóibh a bheith páirteach sa phróiseas foghlama comhchoitinne agus líonrú, cruthóidh na hiarrthóirí difriúla pairnéireachtaí i measc a chéile, ag comhchruthú moltaí camchuarite agus dáiliúcháin agus ag cur isteach ar dheontais ó Perform Europe. An buiséad iomlán atá ar fáil ná €1.5 milliún; beidh suim na ndeontas a dailfear idir €10,000 agus €100,000. **Fógrófar an dara glaoch ag deireadh Iúil, agus é oscailte dóibh siúd a roghnófar sa chéad chéim amháin** (féach ar an líne ama ar [shuíomh idirlín Perform Europe](#) chun teacht ar bhreis sonraí).

Perform Europe is co-initiated by a Consortium of 5 organisations and funded by the Creative Europe programme of the European Union

Beidh ardán digiteach Perform Europe oscailte d'iarratais ar an gcéad chéim ó 15 Mheitheamh go 7 Iúil. Ós rud é nach bhfuil an glaoch seo oscailte ach ar feadh trí sheachtain, is féidir leat tosú ag ullmhú inniu. Faigh tuiscint níos mine ar a bhfuil i gceist thíos.

Cé atá á lorg againn sa chéad chéim?

- a oibríonn sna taibhealaíona: amharclannaíocht, rince, taibhiú (taibhiú amaitéireach san áireamh), sorcas agus ealaíona sráide. Tabhair faoi deara, le bhur dtoil, nach bhfuil léirithe ceoil bheo (le ceoldrámaíocht san áireamh) clúdaithe ag Perform Europe, seachas amharclannaíocht cheoil.
- **do léiritheoirí:** a bhfuil obair ealaíne nó tionscnaimh ealaíne acu ar mhaith leo a thabhairt go dtí tíortha eile – bíodh sin go fisiciúil, go digiteach, nó ar bhonn measctha, idir Deireadh Fómhair 2021 agus deireadh Mheithimh 2022;
- **do láithreoirí:** a bhfuil féile nó spás, nó comhthéacs eile mar a léireofaí saothar ealaíne ó thír eile idir Deireadh Fómhair 2021 agus deireadh Mheithimh 2022;
- atá lonnaithe i gceann de na tíortha bainteach le Creative Europe* (féach an liosta iomlán ar [an leathanach seo](#)) nó sa Ríocht Aontaithe;
- a bhfuil fíis acu faoi conas comhoibriú a dhéanamh trasna teoireannacha trí acmhainní a roinnt, agus iad ag cleachtadh cothroime agus dlúthpháirtíochta;
- a bhfuil cleachtais camchuarite atá nuálaíoch agus ailtéarnach acu cheana féin, agus ar féidir leo é seo a léiriú;
- a bhfuil faobhar fúthu a bheith nuálaíoch timpeall ar a gcleachtas, agus fíis acu conas seo a bhaint amach, ach go bhféadfadh go bhfuil an iomarca constaicí rompu.

Eagrais agus daoine gairmiúla aonair:

Ba mhaith linn, go háirithe, go gcuirfeadh léiritheoirí agus láithreoirí nach bhfuil mórán feiceálachta acu sa tírdhreach ealaíne tras-teorainne isteach ar an nglaoch seo. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó mhná, ealaíontóirí agus eagrais lonnaithe i gceantair tuaithe, iadsan atá faoi mhíbhuntáiste as ucht a gcúlra shocheacnamaíoch nó eitnigh, a aithníonn iad féin mar LADTAIÉ+, atá faoi mhíchumas, nó aon duine eile a aithníonn iad féin mar chuid de ghrúpa atá faoi ghannionadaíocht i dtírdhreach na dtaibhealaíon.

Cad a bheidh á lorg uait sa chéad chéim a osclaíonn ar 15 Mheitheamh?

Perform Europe is co-initiated by a Consortium of 5 organisations and funded by the Creative Europe programme of the European Union

- Faisnéis ghinearálta faoi d'eagrais;
- Faisnéis ghinearálta faoi do **shaotha[i]r ealaíon (do léiritheoirí)** nó do **chomhthéacs(anna) léirithe – féile, ionad, spás faoin aer – (do láithreoirí)**, ar mhaith leat é a bheith ina chuid d' iarratas comhshaothraithe;
- D'fhís agus do smaointí maidir le slite inmharthanacha agus ionchuimsitheacha chun saothar ealaíne a thabhairt chomh fada le daoine agus áiteanna (400 focal);
- Conas mar a luíonn do shaothar ealaíne / comhthéacs léirithe atá ina chuid ded' iarratas isteach leis an bhfís seo (250 focal);
- An rud ba mhaith leat a fháil ó bheith ina chuid de phairtnéireacht le tacaíocht deontais ó Perform Europe (250 focal), agus an rud a bheifeá sásta a roinnt (scileanna, eolas, airgead, feiceálacht, bonneagar, taithí, srl.) (300 focal)

Tabhair faoi deara, led' thoil, go mbeidh an t-eolas seo ar fad á lorg **as Béarla**.

Conas is féidir leat cur isteach? Beidh an glaoch ag oscailt ar **15 Mheitheamh 2021** – cuir d'ainm le liosta ár mbileog nuachta chun fógra a fháil faoi. Idir an dá linn, is féidir leat tosnú ag ullmhú cheana féin trí mhachnamh ar na pointí tugtha thuas agus, fiú, smaoineamh ar aghaidh faoin dara céim den iarratas.

Is féidir teacht ar bhreis eolais, as Béarla, faoin gcéad chéim, an dara céim, agus líne ama Perform Europe ar [shuíomh idirlín Perform Europe](#).